# Curaclam na Bunscoile a Athfhorbairt

Comhairliúcháin leis na páistí ar thodhchaí na Tíreolaíochta agus na Staire mar chuid de réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Chomhshaoil.

Forbartha i gcomhar le *Hub na nÓg* agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Bealtaine 2024

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ....................................................3

MODHEOLAÍOCHT....................................................7

AG CUR AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN I LÁTHAIR....................................................10

COMHAIRLIÚCHÁN AR AN TÍREOLAÍOCHT....................................................11

COMHAIRLIÚCHÁN AR AN STAIR....................................................17

PLÉ AR THORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN....................................................25

CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE....................................................30

TAGAIRTÍ....................................................31

AGUISÍNÍ....................................................32

# Réamhrá

## Curaclam na Bunscoile a athfhorbairt

Tá athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar Churaclam na Bunscoile. Tá fís agus prionsabail an churaclaim athfhorbartha leagtha amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* (CCB) (An Roinn Oideachais, 2023).

Leagtar cúig réimse curaclaim leathana amach sa Chreat:

1. Teanga
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl ó mhí Feabhra 2020 go mí an Mhárta 2022, maidir leis na moltaí laistigh den CCB, agus rinneadh anailís ar na sonraí ón gcomhairliúchán sin chun eolas a dhéanamh do *Chreatchuraclam na Bunscoile*, a foilsíodh in Earrach 2023. Le cois an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara oideachais, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne, choimisiúnaigh CNCM tionscadal taighde chun dearcthaí páistí a lorg faoi *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Cuireadh tús leis an ngné seo den chomhairliúchán i mí an Mhárta 2020, agus ba í Institiúid Oideachais Marino a bhí ina bhun. Déanann CNCM iarracht a chinntiú go n-aithníonn a phróisis forbartha curaclaim cead cainte na bpáistí maidir le forbairt dá leithéid, ó tharla go mbaineann sé leo agus lena saolta (Alt 12, CNACL).

## An tuarascáil seo

Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar thuilleadh comhairliúcháin le páistí, a rinneadh chun cabhrú le forbairt CNCM ar shonraíocht churaclaim nua an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil a mhúnlú, le páistí ó Chéim 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) i dtrí bhunscoil idir mhí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2023. Ba chineálacha difriúla scoileanna iad na scoileanna uilig, gach ball d'Fhóram Scoileanna CNCM, agus bhí siad lonnaithe i gcontae Chill Mhantáin, Chorcaí, agus na hIarmhí. Mar atá leagtha amach sa Chreat, cuimsíonn réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil leis na céimeanna ranga seo, an stair agus an tíreolaíocht.

## Lucht féachana agus tionchar

Tá obair ar siúl faoi láthair chun sonraíochtaí curaclaim a fhorbairt do na cúig réimse curaclaim atá leagtha amach thuas. Cuirfear bunús, aidhmeanna, snáitheanna agus torthaí foghlama an réimse curaclaim ar fáil i ngach sonraíocht. Cé gur gné láidir dár gcuid oibre le linn na céime comhairliúcháin ar fhorbairt na sonraíochta curaclaim é an comhairliúchán le páistí, tá sé d'aidhm ag CNCM níos mó tábhachtacha a thabhairt do thuairimí na bpáistí, níos luaithe inár bpróisis forbartha. Chun é seo a bhaint amach, d'oibrigh CNCM i gcomhpháirt le *Hub na nÓg* agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun tuilleadh teagmhála a bhunú le páistí le linn fhorbairt na sonraíochtaí curaclaim a dhéanfadh eolas d'obair na Comhairle, an Bhoird don Luath-óige agus don Oideachas Bunscoile, agus do Ghrúpa Forbartha an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil.

Chun bonn láidir, ionadaíoch agus freagrúil a sholáthar dá hobair forbartha curaclaim, bhunaigh CNCM Grúpaí Forbartha chun tabhairt faoi thascanna sonracha i réimsí curaclaim nó in ábhair. Bhunaigh CNCM cúig Ghrúpa Forbartha chun tacú le forbairt na cúig shonraíocht churaclaim a leagadh amach níos túisce. Cuireann sraith choiteann de threoirphrionsabail uileghabhálacha bonn faoin obair (ailínithe le Plean Straitéiseach 2022 – 2025 de chuid CNCM) (leagtha amach i dTábla 1 thíos), agus tábhacht ar leith ag baint leis an bprionsabal a bhaineann le cead cainte an pháiste sa doiciméad seo.

**Tábla 1. Prionsabail atá mar bhonn taca ag forbairt na comhairle**

| Prionsabail | Conas a léireofar na prionsabail in obair na nGrúpaí Forbartha |
|---|---|
| Ionchuimsiú agus éagsúlacht | Aithneoidh obair an Ghrúpa Forbartha uathúlacht agus cearta gach páiste agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste chun a gcumas a bhaint amach. |
| Comhpháirtíocht agus comhoibriú | Bíonn baill an Ghrúpa Forbartha ag obair le meon an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta, agus sna seomraí ranga, sna scoileanna agus san earnáil oideachais níos leithne chun forbairtí curaclaim agus measúnaithe a mhúnlú. |
| Comhairliúchán | Tacóidh an Grúpa Forbartha le próisis chomhairliúcháin agus cuirfear san áireamh réimse saibhir guthanna, peirspictíochtaí agus dearcthaí atá mar chuid de shochaí na hÉireann. |
| Guth an pháiste/an scoláire | Beidh cearta na bpáistí cead cainte a bheith acu, agus páirt a ghlacadh i múnlú an churaclaim agus na comhairle measúnaithe a forbraíodh, mar bhonn faoi obair an Ghrúpa Forbartha. |
| Bunaithe ar fhianaise | Bainfidh an Grúpa Forbartha úsáid as réimse leathan taighde, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun eolas a dhéanamh dá smaointeoireacht ar churaclam agus measúnú. |
| Nuálaíocht agus freagrúlacht | Fiosróidh an Grúpa Forbartha smaointe agus smaointeoireacht nua de réir mar a chuireann sé le láidreachtaí an chórais oideachais agus mar a fhorbraíonn sé comhairle atá sofhreagrach, chomh maith le bheith nuálach agus uaillmhianach go cuí. |
| Comhleanúnachas, leanúnachas agus dul chun cinn | Tabharfaidh an Grúpa Forbartha aird ar chomhleanúnachas taobh istigh de agus ar fud na n-earnálacha chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn go cuí i dturais oideachais na bpáistí le linn dó a bheith ag léiriú measa ar nádúr agus ar fhéiniúlacht éagsúil gach céime agus earnála. |
| Eagraíocht foghlama | Tacóidh an Grúpa Forbartha le cultúr na foghlama, le linn a chuid oibre le chéile, chun tacú le feabhas an eispéiris oideachais do gach páiste. |

## An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí


Don chomhairliúchán seo, rinne pearsanra ó *Hub na nÓg* na seisiúin sna scoileanna a dhearadh agus a éascú (https://hubnanog.ie/). Tá a gcuid oibre treoraithe ag *An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí*. Tá an creat seo bunaithe ar mhúnla na rannpháirtíochta atá bunaithe ar chearta, forbartha ag an Ollamh Laura Lundy, agus cuimsíonn sé ceithre ghné: Spás, Glór, Lucht féachana agus Tionchar. Is féidir míniú ar gach ceann díobh seo a fheiceáil i bhFíor 1.

Tá sé mar aidhm ag an múnla a úsáidtear ná deis a thabhairt do pháistí a gcuid dearcthaí a chur in iúl sa chinnteoireacht maidir le cúrsaí a bhaineann leo agus lena saolta. Ciallaíonn sé seo:

- faisnéis aoisoiriúnach inrochtana a chur ar fáil dóibh, chomh maith le suíomh agus timpeallacht fheiliúnach ina n-airíonn siad sábháilte agus compordach lena ndearcthaí, tuairimí agus smaointe a chur in iúl
- éascaíocht a dhéanamh ar a léiriú smaointe, ag baint úsáid as modheolaíochta atá aoisoiriúnach, inrochtana, ionas gur féidir leo a gcuid dearcthaí a chur in iúl go hiomlán
- iad a chur ar an eolas maidir le cé a chloisfidh agus a smaoineoidh ar a gcuid dearcthaí, glacadh lena dtuairimí go dáiríre agus údarás a thabhairt dá dtuairimí laistigh de phróisis chinnteoireachta
- eolas a thabhairt dóibh maidir leis an raon atá acu (lena n-áirítear na srianta) tionchar a imirt ar chinnteoireacht, aiseolas a thabhairt do pháistí maidir leis an tionchar a raibh ag a ndearcthaí agus a dtuairimí ar na cinntí a rinneadh.

Ag teacht chun cinn ón gcur chuige seo, tá an tuarascáil seo treoraithe ag dearcthaí na bpáistí sa chomhairliúchán. Tuairiscítear ann an méid a dúirt siad mar fhreagra ar roinnt príomhcheisteanna. Bhí gach seisiún ar siúl i seomraí agus i hallaí na scoileanna a ghlac páirt ann, agus bhí ball foirne ón scoil i láthair ag gach seisiún.

Fíor 1: Múnla *Lundy*



# Modheolaíocht

Leagtar an mhodheolaíocht amach sa chuid seo, a úsáideadh don chomhairliúchán le páistí maidir leis an tíreolaíocht agus an stair.

## Ag forbairt na modheolaíochta

Dhear CNCM na réimsí ceiste bunaithe ar dheis na bpáistí tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht laistigh de réimsí ábhair na tíreolaíochta agus na staire. Bhí *Hub na nÓg* i gceannas ar dhearadh na modhanna aoisoiriúnacha, atá feiliúnach do pháistí, bunaithe ar na réimsí ceiste deartha ag CNCM. Leanann foireann DCEDIY agus *Hub na nÓg* prionsabail an dea-chleachtais agus iad i mbun comhairliúcháin le daoine óga, agus treoraítear ag prionsabail Shamhail *Lundy* agus an Chreata Rannpháirtíochta iad. Ag gach céim deartha na modhanna, glacadh céimeanna chun a chinntiú go raibh deiseanna inrochtana, ionchuimsitheacha ag na páistí, chun a gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl maidir leis an tíreolaíocht agus an stair, laistigh den phróiseas cinnteoireachta. Cuireadh faisnéis aoisoiriúnach ar fáil do pháistí maidir le cúiseanna don chomhairliúchán agus don ábhar. Úsáideadh réimse modhanna chun bealaí éagsúla a chur ar fáil do na páistí, chun freagra a thabhairt ar na príomhcheisteanna a cuireadh agus mínítear gach modh go cruinn i gcodanna deireanacha na tuarascála seo.

## Scríbhneoir neamhspleách tuairiscí a cheapadh

Chun a chinntiú go ndearnadh taifeadadh agus léiriú cruinn ar dhearcthaí na bpáistí a ghlac páirt sa chomhairliúchán, coimisiúnaíodh scríbhneoir neamhspleách tuairiscí chun taifeadadh a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil a ullmhú, ina ndéantar cur síos ar dhearcthaí, smaointe agus tuairimí na bpáistí maidir leis an tíreolaíocht agus an stair.

## Cumhdach Páistí

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas um Chumhdach Páistí, tá CNCM tiomanta trína rannpháirtíocht le páistí, lena sábháilteacht, leas agus forbairt a áirithiú mar chroíchuspóir agus croíthosaíocht. Sular cuireadh tús leis na comhairliúcháin, rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an scríbhneoir neamhspleách tuairiscí, ar éascaitheoirí *Hub na nÓg* agus ar bhaill foirne CNCM a bhí i láthair ag na comhairliúcháin.

## Sampláil

Mar a luadh cheana, bhí gach scoil sa chomhairliúchán seo ina ball d' Fhóram Scoileanna CNCM. Rinneadh machnamh cuí chun a chinntiú gur cineálacha scoileanna éagsúla iad na scoileanna a roghnaíodh. Cuimhníodh ar chúinsí, lena n-áirítear: suíomh – uirbeach agus tuaithe; méid; grád amháin agus ilghrád; agus Gaelscoil , nuair a tugadh cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh.

Mar atá leagtha amach in Plean Straitéiseach CNCM 2022 – 2025, tá an Ionchuimsitheacht agus an éagsúlacht ar cheann de na hocht bprionsabal atá mar bhonn faoi obair CNCM, ag ceadú fhorbairt an churaclaim agus an mheasúnaithe, a aithníonn uathúlacht agus cearta gach páiste agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste chun a gcumas a bhaint amach. Iarradh ar scoileanna aird a tharraingt ar an bprionsabal seo agus deis á tabhairt do pháistí páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán.

## An modheolaíocht a reáchtáil ar bhonn píolótach le Grúpa Comhairleach Ógánach

Don chomhairliúchán seo, bunaíodh Grúpa Comhairleach Ógánach (YAG) chun cabhrú leis an gcomhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach. Cuireann grúpaí comhairleacha bealach ar fáil go mbeadh líon beag páistí páirteach i gcomhairle a thabhairt d'fhorbairt comhairliúcháin. Is bealach thar a bheith luachmhar é a bheith ag obair le grúpa comhairleach, chun comhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach, le cohórt níos leithne de pháistí. Is bealach an-úsáideach iad grúpaí comhairleacha chomh maith, chun a chinntiú go mbíonn páirt ag páistí agus daoine óga i gcásanna cinnteoireachta, nuair nach féidir le gach páiste sa scoil páirt a ghlacadh.

Bunaíodh YAG i scoil mhór uirbeach le ranganna speisialta. Léirigh na páistí, ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann, réimse leathan cúlraí éagsúla. Reáchtáladh an comhairliúchán píolótach thar dhá lá, leagadh béim ar an tíreolaíocht ar an gcéad lá agus ar an stair ar an dara lá.

Reáchtáladh an mhodheolaíocht ar bhonn píolótach le YAG agus thug siad aiseolas ar conas a cuireadh na ceisteanna agus céard a shíl siad faoi na modhanna a úsáideadh chun na ceisteanna a chur. Úsáideadh ionchur agus aiseolas na bpáistí chun an mhodheolaíocht dheiridh a dhearadh agus leagan amach na gcomhairliúchán. Tá freagraí na bpáistí ar na ceisteanna a cuireadh le linn an chomhairliúcháin phíolótaigh le fáil in anailís na tuarascála. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht le guthanna na bpáistí, agus a gcuid dearcthaí, tuairimí agus smaointe maidir leis an tíreolaíocht agus an stair a chur san áireamh, in éineacht leis an dá scoil eile sa chomhairliúchán.

Mar thoradh ar an aiseolas ón YAG, rinneadh athrú ar leagan amach cheisteanna na laethanta píolótacha. Leagtar amach an t-athrú seo sna táblaí seo a leanas:

**Tábla 2: Athruithe ar cheisteanna/ghníomhaíochtaí ón lá píolótach tíreolaíochta chuig laethanta ina dhiaidh sin**

| **Ceisteanna a cuireadh ar an lá píolótach tíreolaíochta** | **Ceisteanna a cuireadh i rith na seisiún tíreolaíochta ina dhiaidh sin** |
|---|---|
| C.1. 'Céard atá á fhoghlaim agaibh sa tíreolaíocht?' | *Cuireadh ceisteanna 1, 2 agus 3 ar an lá píolótach* |
| C.2. 'Céard a thaitníonn leat faoin tíreolaíocht?' | |
| C.3. 'Céard nach dtaitníonn leat faoin tíreolaíocht?' | |
| C.4 'An rang tíreolaíochta ab fhearr riamh'<br>Gníomhaíocht an Phictiúir Reoite<br>*Chuir na páistí sa chomhairliúchán píolótach in iúl gurbh fhearr leo labhairt agus bogadh le linn an chleachtaidh*<br>Tar éis an chleachtaidh cuireadh ceist ar na páistí:<br>Céard atá na páistí á dhéanamh sa rang?<br>Céard atá an múinteoir á dhéanamh sa rang?<br>Cén chaoi a bhfuil na páistí ag foghlaim sa rang seo? | *Cuireadh gníomhaíocht drámaíochta in áit an chleachtaidh seo sna laethanta ina dhiaidh sin, a raibh gníomhartha agus labhairt mar chuid di.* |
| **Gníomhaíocht bhreise** | |
| Do chuid mianta don tíreolaíocht | Rinneadh an ghníomhaíocht seo sna seisiúin tíreolaíochta go léir. |

**Tábla 3: Athruithe ar cheisteanna/ghníomhaíochtaí ón lá píolótach staire chuig laethanta ina dhiaidh sin**

| **Ceisteanna a cuireadh ar an lá píolótach staire** | **Ceisteanna a cuireadh i rith na seisiún staire ina dhiaidh sin** |
|---|---|
| C.1. 'Céard atá á fhoghlaim agat i gceachtanna staire?' | *Cuireadh na trí cheist go léir ar an lá píolótach* |
| C.2. 'Céard a thaitníonn leat faoin stair?' | |
| C.3. 'Céard nach dtaitníonn leat faoin stair?' | |
| C.4. 'An rang staire ab fhearr a bhí agat' (Gníomhaíocht stiallghreannáin) | *Bhí am teoranta ar fáil don ghníomhaíocht agus dá bharr sin níor éirigh ach le roinnt páistí a stiallghreannán a chur i gcrích. Bhíothas ag súil le líon ar leith boscaí stiallghreannáin a chur i gcrích, ach laghdaíodh an líon sin ó 8 go 4 bunaithe ar aiseolas na bpáistí tar éis an chomhairliúcháin phíolótaigh.* |
| **Gníomhaíochtaí breise** | |
| Do chuid mianta don stair | Rinneadh an ghníomhaíocht seo sna seisiúin staire go léir. |
| Díospóireacht ghluaisteach/siúil maidir leis an tíreolaíocht agus an stair | Ní dhearnadh an ghníomhaíocht seo ach ar an lá píolótach staire. De bharr srianta ama. |

## Anailís ar shonraí

Bhí freagraí ó bhéal na bpáistí, na pictiúir agus léaráidí a tharraing siad, agus a dtráchtanna scríofa ar chairteacha agus ar theimpléid a úsáideadh do na seisiúin tíreolaíochta agus staire araon, i gceist leis na sonraí ó na seisiúin chomhairliúcháin. Rinneadh a bhfreagraí agus a n-ionchur do gach ceist a anailísiú go téamach laistigh de gach ábhar, agus is dá réir sin a léirítear sa tuarascáil seo iad. Tá na coincheapa agus ceisteanna coiteanna a thagann chun cinn sa dá ábhar, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do lucht féachana na tuarascála seo, le fáil i gconclúid na tuarascála.

## Ag cur an chomhairliúcháin i láthair

Sa scoil phíolótach, tugadh an chéad lá don chomhairliúchán tíreolaíochta, agus an dara lá don chomhairliúchán staire. I ngach ceann den chéad dá scoil, ba í an tíreolaíocht an t-ábhar a pléadh le linn na chéad choda den lá; bhain an stair leis an dara seisiún. Tar éis achoimre tosaigh ar na ceithre ghné atá mar bhonn faoin gcomhairliúchán, rinneadh gach seisiún a leagan amach thart ar líon beag príomhcheisteanna bunaithe ar smaointe agus taithí na bpáistí ar an ábhar a bhí á fhiosrú. Fuarthas agus rinneadh taifeadadh ar a bhfreagraí i scríbhinn, agus in ábhar na gcairteacha agus na n-ábhar ó bhéal agus maisithe eile a chruthaigh agus a chríochnaigh na páistí le linn na seisiún.

Bhí na páistí ó rang a Trí go rang a Sé. Bhí páistí ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí iomlánacha nó i ngrúpaí ar an lá, chomh maith le tascanna aonair. Ba ghrúpaí il-leibhéal iad, le páistí ó rang a Trí go rang a Sé. Chun an ionchuimsitheacht a éascú, bhí míreanna súgartha ar fáil d'aon pháiste a raibh fonn air iad a úsáid.

Rinneadh na réamhráite uilig, le hionduchtú agus leagan amach soiléir de chuspóirí an lae:

- insíodh do na páistí go raibh siad ag glacadh páirt sa seisiún dá ndeoin féin, agus go raibh an rogha acu labhairt nó gan labhairt, agus de cheart acu tarraingt siar ag am ar bith. Cuireadh in iúl do na páistí nach bhfuil aon fhreagra ceart nó mícheart ann, agus go bhféadfaidís a gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl ar an mbealach is compordaí dóibh, trí tharraingt, scríobh nó labhairt, nó trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa.
- cuireadh in iúl do na páistí go ndéanfaí taifeadadh ar a gcuid dearcthaí i bhfoirm scríofa agus go bhfoilseofaí iad i dtuarascáil gan mhoill, ach go ndéanfaí a gcuid focal anaithnid
- insíodh dóibh cén lucht féachana a léifeadh an tuarascáil, agus míníodh dóibh, cé go nglacfaí lena ndearcthaí go dáiríre, seans nárbh fhéidir gach rud a mholann siad a dhéanamh. Cuireadh in iúl do na páistí go míneofaí dóibh cén fáth nach bhfuil an rud a mhol siad indéanta, má mholtar rud éigin dodhéanta.
- bhí cóip de Ráiteas Cosanta Páistí *Hub na nÓg* ar taispeáint le linn na seisiún, agus míníodh do na páistí, dá gcuirfeadh aon pháiste in iúl don fhoireann go raibh siad i gcontúirt nó i mbaol i gcás ar bith, go mbeadh ar an bhfoireann é seo a insint do na húdaráis fhreagracha. Ag cuimhneamh air seo, iarradh ar na páistí gan nascadh le nó scéalta pearsanta a phlé sna grúpaí, ach dá mbeadh imní orthu faoi chás pearsanta, gur cheart dóibh é a chur in iúl go príobháideach do bhall foirne i rith an lae.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo le cuntas ar na seisiúin chomhairliúcháin a rinneadh le páistí faoin tíreolaíocht, agus tugtar cuntas ar na seisiúin maidir leis an stair ina dhiaidh sin. Tá freagraí, tráchtanna agus ionchur uile na bpáistí bailithe le chéile ó na trí scoil a ghlac páirt ann.

## Comhairliúchán ar an tíreolaíocht

Cuireadh tús le gach seisiún le cluiche chun aithne a chur ar a chéile. (Úsáideadh réimse cluichí sna trí scoil). Roghnaíodh cluichí bunaithe ar an ngrúpdhinimic agus ar an spás a bhí ar fáil.

### Ceist 1: Cad a fhoghlaimíonn tú sa tíreolaíocht?

Ba é an mhodheolaíocht a úsáideadh anseo ná iarradh ar na páistí cuimhneamh ar an méid a fhoghlaimíonn siad sa tíreolaíocht agus chun an t-eolas seo a scríobh agus/nó a tharraingt ar an 'mBileog Líne na Beatha'. Bileog mhór chairtpháipéir a bhí sa bhileog seo, a léirigh líne na beatha leathan, lúbach. Ar líne na beatha féin, d'fhéadfaidís a bhfreagraí ar an gcéad cheist seo a scríobh nó a tharraingt. I scoil amháin, ba leor bileog amháin; sa dara ceann, úsáideadh dhá bhileog, agus úsáideadh trí sa tríú scoil chun rochtain a cheadú don líon páistí a ghlac páirt ann.

Luaigh na páistí sna scoileanna uilig réimse leathan ábhair. Cuimsítear leo sin:

Tíreolaíocht fhisiciúil

- aibhneacha; sléibhte; sléibhte san Iorua, aibhneacha amhail an *Volga* sa Rúis; lochanna; portaigh *(rinneadh tagairt do chuairt a tugadh ar phortach áitiúil)*; fásaigh; bunús na gcarraigeacha; bolcáin; timthriall an uisce; creathanna talún; plátaí teicteonacha; aillte; pluaiseanna; Clochán an Aifir; ithir

Gnéithe an domhain nádúrtha

- ainmhithe; ainmhithe oíche; veirteabraigh agus inveirteabraigh; bunús an speicis; conas a thiontaigh ainmnithe ina ndaoine; reiptílí; ainmhithe mara; 1,500 speiceas d'ialtóga; lasmuigh agus laistigh an choirp; flóra agus fána; an bhithéagsúlacht; 'foraoisí, mar shampla an Amasóin'

Eolaíochtaí fisiceacha

- seoladh teasa; teochtaí; grianphainéil; fuinneamh inathnuaite; fuinneamh; éiceabhailte; maighnéid – réimse maighnéadach thart ar an domhan; teas; truailliú; scála Beaufort

Tíreolaíocht pholaitiúil


- contaetha; tíortha eile; príomhchathracha agus daonra; bratacha; spóirt i dtíortha eile; an AE; Treibheanna agus a gcultúir (de chuid Mheiriceá Thuaidh, Māori); foirgnimh éagsúla (Taj Mahal); na hÉigiptigh; tuarascálacha ar oileáin na Gréige; an Chréit; Léarscáileanna an domhain agus cruinneoga

Rinne roinnt páistí liosta dá míreanna óna ranganna staire - cultúr na hÉireann, miotais agus finscéalta, Táin Bó Cúailnge, an Gorta Mór; bean sí, púca, leipreacháin. Nuair a luadh Christopher Columbus, d'aithin na páistí nasc leis an stair agus a gcuid foghlama faoi thurais farraige.

Tugadh an deis do pháistí labhairt faoin méid atá ar eolas acu bunaithe ar a dtaithí phearsanta féin, nuair a rinne siad liosta dá ngníomhaíochtaítíreolaíochta ar scoil agus lasmuigh den scoil (m.sh. turais allamuigh nó taisteal thar lear lena dteaghlaigh). Chomh maith leis sin, chuir sé an grúpa uilig ar an eolas faoin réimse leathan gníomhaíochtaí tíreolaíochta ar ghlac siadsan agus daoine eile páirt iontu. Lena chois sin, leagadh béim ar an réimse gníomhaíochtaí dá leithéid sin, do

cheisteanna a cuireadh ar na páistí ina dhiaidh sin. Chuir na ceisteanna deireanacha leis an réimse gníomhaíochtaí ar ghlac na páistí páirt iontu.

**Fíor 2: Sampla de bhileoga taifeadta Líne na Beatha a úsáideadh sa chomhairliúchán tíreolaíochta**




## Ceist 2: Cad a thaitníonn leat sa tíreolaíocht?

Is í an mhodheolaíocht a úsáideadh don cheist seo ná an bhileog 'Líne na Beatha' a úsáid, díreach cosúil le Ceist 1. Tugadh treoir maidir le húsáid an teimpléid don cheist seo agus don cheann ina dhiaidh sin, .i., níor mhór na freagraí don cheist faoi na rudaí a 'thaitníonn leo' a scríobh ar líne na beatha, agus freagraí ar an gceist ina dhiaidh faoi na rudaí 'nach dtaitníonn' leo a scríobh lasmuigh de líne na beatha. Is féidir na bileoga Líne na Beatha go léir a chruthaigh na páistí a fheiceáil in Aguisíní 1-4.

Áirítear an méid seo a leanas le freagraí ar Cheist 2, rangaithe de réir ábhair agus modheolaíochtaí

**Céard** a thaitníonn leis na páistí foghlaim faoi:

> Is maith liom… foghlaim faoi Éirinn *('Mo Thír');* tíortha eile agus a dteangacha; foghlaim faoin Eoraip; Iontais an Domhain; gnéithe nádúrtha agus tógtha "nach bhfeictear in Éirinn" *(is maith le páistí tíortha eile/áiteanna i bhfad i gcéin a fhiosrú)*; treibheanna; bratacha; foghlaim faoi ainmhithe/nithe beo; imirce ó Éirinn; 'codanna difriúla an choirp, lasmuigh agus laistigh'; Éiceabhailte; an bhithéagsúlacht; cultúir dhifriúla; ag foghlaim faoin tSean-Éigipt; bia.

**An chaoi** gur maith le páistí foghlaim:

> Is maith liom… dul ar thurais allamuigh, siúl feadh an Ghlasbhealaigh; 'Amharcfhoghlaim' *(nuair a iarradh orthu é sin a mhíniú, dúirt na páistí gur ionann 'amharcfhoghlaim' agus an fhoghlaim idirghníomhach, úsáid na n-acmhainní ar líne, físeáin, cuir i láthair PowerPoint agus cláir faisnéise)*; 'ag obair ar thuarascálacha le cairde'; *Chromebook* a úsáid don taighde; breathnú ar fhíseáin; tarraingt; ábhair phlé.

I measc na dtráchtanna a scríobh na páistí, bhí:

- 'Ba mhaith liom níos mó tionscnamh a dhéanamh, e.g. ullchabhán'
- 'Is maith liom leabhair tíreolaíochta a léamh'; 'Is maith liom ceisteanna a fhreagairt faoin tíreolaíocht'
- 'Is maith liomsa go pearsanta formhór na rudaí sa tíreolaíocht, seachas nuair a bhíonn na topaicí leadránach, cosúil le haibhneacha agus lochanna'
- 'Is maith liom foghlaim faoi cén sort aimsir a bhíonn in Eirinn'
- 'Bhain mé taitneamh as tionscnamh a rinne mé ar Chontae Loch Garman'
- 'Na deacrachtaí i tíortha eile

## Ceist 3: Cad é nach dtaitníonn leat i bhfhoghlaim sa tíreolaíocht?

Chuir páistí sna scoileanna go léir a ghlac páirt in iúl, céard nach dtaitníonn leo faoi fhoghlaim na tíreolaíochta. Tugtar achoimre anseo ar phríomhphointí míshástachta na bpáistí – scríofa agus tarraingthe ar na bileoga Líne na Beatha, luaitear go leor dá ráiteas:

- 'Bhí carraigeacha leadránach'; 'Ní maith liom foghlaim faoi phortaigh mar gheall go bhfuil sé beagáinín leadránach'
- 'foghlaim faoi dhamháin alla'; 'corp an duine agus mionainmhithe lofa'
- 'B'fhearr liom foghlaim faoin Aifric agus an Áis níos mó ná an Eoraip; an easpa bia san Aifric'

- 'Ní maith liom Cuid B' [*ag tagairt do chleachtaí scríofa sa téacsleabhar a éilíonn tuiscint*]; 'Nuair a chuirtear an cheist 'céard a shíleann tú?'; 'Ní maith liom fíricí a aimsiú má bhíonn ort scríobh – B'fhearr liom freagra ó bhéal a thabhairt'
- 'Ag cuardach na bhfreagraí sa scéal'; 'Ní maith liom é a dhéanamh inár gcóipleabhair'

- 'An scríbhneoireacht' [writing]; an iomad ama ar obair bhaile
- 'Ní maith liom an méid obair a dheanann tú ar tionscnamh'
- 'Ní maith liom [bheith] ag scríobh, b'fhearr liom [bheith] ag caint'.
- 'Ní maith liom é má tá sé ar eolas agam cheana féin'; 'topaicí a bhfuil cur amach agam orthu cheana féin'; 'dul siar air arís'; Dúirt scoláire amháin *"is féidir leis an bhfoghlaim faoi aibhneacha agus faoi shléibhte a bheith leadránach mar nach bhfoghlaimímid ach a n-ainmneacha agus cé chomh fada is atá siad."*

## Ceist 4. An ceacht tíreolaíochta is fearr riamh, dar leat

Tar éis an tsosa, cuireadh tús leis an seisiún arís, le cluiche chun aithne a chur ar a chéile.

Ansin, míníodh an chéad ghníomhaíocht eile: Cuireadh ceist ar na páistí an ceacht tíreolaíochta ab fhearr a d'fhéadfaidís a bheith acu a shamhlú, agus cén chuma a bheadh air. Níor moladh aon topaic ná ábhar. Míníodh an próiseas maidir le h*íomhá reoite* a chruthú. Cé gur thuig roinnt páistí an coincheap go héasca, bhí tuilleadh mínithe agus tacaíochta ag teastáil ó roinnt eile, nach raibh aon taithí acu ar ghníomhaíocht dá leithéid. Cruthaíodh dhá ghrúpa, agus bhí páistí ó leibhéil ranga éagsúla sa dá ghrúpa. Tugadh deich nóiméad dóibh a bheith ag obair air seo ina ngrúpa, agus ansin a 'n-íomhá' a thaispeáint/a léiriú don ghrúpa go léir.

**Grúpa 1:** Bhain a gceacht le bolcáin. Sheas na páistí suas nó chrom siad i staidiúirí éagsúla. Chuir an t-éascaitheoir ceist ar gach páiste i ndiaidh a chéile, céard a bhí á léiriú acu leis an ngníomh/suíomh/staidiúir. Sa ghrúpa seo, dúirt na páistí:

- 'Táim i bhfolach ar fhaitíos go bpléascfadh an bolcán' [*dúirt triúr páistí rud éigin cosúil leis seo*]
- 'Táim ag caitheamh rud éigin uaim, ach ag seasamh i bhfad siar uaidh'
- Cuireadh ceist ar na páistí chomh maith 'céard atá á dhéanamh ag an múinteoir?' – dúirt siad 'bhí an múinteoir ag barr an ranga'
- agus nuair a cuireadh ceist orthu 'Cén chaoi a bhfuil na páistí ag foghlaim sa rang seo? – dúirt páiste amháin, 'bhí sé go maith a bheith ag obair air le chéile'
- Dúirt páiste eile go raibh a smaointe féin aige ach gur aontaigh sé leis an ngrúpa; dúirt páiste eile 'Ba bhreá linn dul amach agus iontas nádúrtha a fheiceáil, ach go hiondúil ní bhímid ach ag léamh agus ag scríobh faoi'.

**Grúpa 2:** Anseo, bhí na páistí uilig ina suí, an chuid is mó díobh ag léamh, beirt ag méarchlár ríomhaire. Dúirt siad:

- 'Tá tuarascáil á déanamh agam ar ainmhithe, ag baint úsáid as *Chromebook*'
- 'Táimse ag breathnú ar fhíseáin'
- 'Is mise an múinteoir agus táim ag léamh leo'
- 'Táimid ag déanamh taighde inár leabhair'

Bhí na bealaí foghlama is fearr leo éagsúil óna chéile. Dúirt páiste amháin:

- 'Ba bhreá linn dul in áit éigin agus rudaí a fheiceáil san fhíorshaol. Chuimhneofá níos fearr air i gcomparáid le breathnú air i leabhar, agus bhainfeá níos mó taitnimh as'

Dúirt páistí eile:

- 'Tá sé cosúil leis an scoil san am atá caite, ag baint úsáid as seanleabhair'
- 'Taitníonn an fhoghlaim sna *Chromebooks* liom'

Sa chéad scoil eile, rinneadh leasú ar an ngníomhaíocht seo: in ionad an 'pictiúr reoite' in úsáid roimhe seo, iarradh ar na daltaí dráma gearr a chumadh a léireodh an ceacht tíreolaíochta is fearr riamh – ceacht a bhí acu tráth, nó ceacht a shamhlóidís. Bheadh labhairt agus gníomha ceadaithe. [B'éigean don éascaitheoir an tasc a mhíniú cúpla uair go dtuigfeadh na daltaí cad a bhí i gceist anseo] Léirigh siad ceacht tíreolaíochta ina raibh na daltaí míshásta leis an oide toisc nár thaitin leo ábhar an cheachta a roghnaigh sé. Dúirt cailín gur fearr léi dá mbeadh físeán ar siúl. Dúirt daltaí eile gur mhaith leo rogha a bheith acu maidir leis an ábhar. Níor tháinig siad ar réiteach ar an gceist.

Sa chéad scoil eile, rinneadh dhá ghrúpa páistí don ghníomhaíocht drámaíochta seo, agus bhí na treoirlínte cosúil leo siúd sa scoil roimhe seo

Grúpa 1: Bhí turas go Páras, an Fhrainc, mar chuid dá 'rogha ceachta'.
Le linn na chéad ghníomhaíochta, d'aithin na paistí 'ag foghlaim faoin teanga agus faoin mbia' mar ghnéithe na foghlama sa tíreolaíocht, agus ba léir seo ina ndráma beag mar go raibh an 'múinteoir' ag spreagadh na bpáistí chun focail Fhraincise a úsáid (*Bonjour*, *Oui*, *Baguette*), agus bhí na páistí ag baint triail as bia na Fraince (croissant), agus ag caint faoin Túr Eiffel.

Grúpa 2: Bhí turas go Cósta Ríce mar chuid dá 'rogha ceachta'.
Thosaigh an dráma beag le heagrú turais chuig an bportach agus ansin shamhlaigh na páistí go raibh siad ag taisteal thar lear (go Cósta Ríce). Chuir na páistí in iúl go raibh spéis acu dul ar thurais lasmuigh den scoil.

## Mianta na bpáistí maidir leis an tíreolaíocht

D'iarr an ghníomhaíocht dheireanach sa chomhairliúchán tíreolaíochta ar na páistí a gcuid mianta don tíreolaíocht a scríobh síos. I bhfocal an éascaitheora *'Dá dtabharfaí mian amháin duit chun rud amháin faoi rang tíreolaíochta a athrú, céard a dhéanfá*?'

Ba é an mhodheolaíocht a úsáideadh anseo ná gur scríobh na páistí a gcuid mianta ar chairtpháipéar gorm agus chuir siad i gclúdaigh litreacha iad, ar bailíodh ag deireadh na gníomhaíochta iad.

**Fíor 3: Mianta na bpáistí don tíreolaíocht**




Tuilleadh 'mianta'/tráchtanna scríofa na bpáistí:

- 'Ba mhaith liom go mbeadh an tíreolaíocht ina heispéireas níos idirghníomhaí, agus ba bhreá liom freisin rudaí a tharlaíonn sa tíreolaíocht a fheiceáil, nach bhfuil le feiceáil inár gceantar'

- ‘Cluichí tíreolaíochta’
- ‘Tuilleadh a fhoghlaim ó bhoird nó ó *Chromebooks* nó rudaí a chuardach muid féin’
- ‘Ní bhíonn aon obair a scríobhann tú’
- ‘Ba bhreá liom dá bhféadfaimis dul chuig na haibhneacha a bhfuilimid ag foghlaim fúthu, ar thuras allamuigh mar shampla, agus picnicí a dhéanamh’
- ‘... chun dul go dtí alán countries’
- ‘Labhairt le gach ainmhí ar domhan’
- ‘For geography to be a little more interesting’ ‘Níl sé co leadránach’
- ‘Tuilleadh a fhoghlaim faoi bhratacha agus dul ar thurais chuig áiteanna tíreolaíocha eile’
- ‘Níos mó a dhéanamh faoi sléibhte agus aibhneacha’
- ‘Ní leabhar a léamh amháin, agus fáil réidh le Cuid B (chuir go leor páistí in iúl nach dtaitníonn ‘Cuid B’ leo, gníomhaíocht ón téacsleabhar ina mbíonn orthu ceisteanna tuisceana a fhreagairt)

# Comhairliúchán ar an stair

Tugtar cuntas sa chuid seo den tuarascáil ar na seisiúin chomhairliúcháin a reáchtáladh le páistí i dtrí scoil, maidir leis an stair. Tá freagraí, tráchtanna agus ionchur uile na bpáistí bailithe le chéile ó na trí scoil.

Cosúil leis na seisiúin chomhairliúcháin ar an tíreolaíocht, rinneadh na réamhráite uilig, le hionduchtú agus leagan amach soiléir de chuspóirí an lae. (Féach na sonraí sa tuarascáil roimhe seo maidir leis an gcomhairliúchán tíreolaíochta). Don dá scoil i ndiaidh na laethanta píolótacha, ní raibh gá leis na réamhráite seo ach ag tús an lae.

Cuireadh tús le gach seisiún le cluiche chun aithne a chur ar a chéile. (Úsáideadh réimse cluichí thar na ceithre lá/trí scoil).


## Ceist 1: Céard atá á fhoghlaim agat i gceachtanna staire?

**Is í an chéad cheist a cuireadh ar na páistí ná 'Céard atá á fhoghlaim agat i gceachtanna staire?'** Ba é an mhodheolaíocht a úsáideadh anseo ná na páistí a chur ina suí i gciorcal, agus thug siad freagraí de réir mar a chuimhnigh siad siar ar a gceachtanna. Cuimhníodh siar ar an réimse topaicí agus ábhair ranga seo a leanas:

- Cultúir éagsúla; Impireacht Mhailí; an Saol in aice na Níle; an Nigéir agus a airgeadra
- Rómhánaigh; Romalas agus Réamas
- Na Lochlannaigh ; na hAistéicigh; Na Normannaigh
- an Chlochaois; an Athbheochan
- Déithe Ceilteacha agus siombail
- An Gorta Mór; Éirí Amach 1798
- Daniel O' Connell, An Fuascailteoir; Fuascailt na gCaitliceach
- Cogadh na Saoirse; Micheál Ó Coileáin; Cogadh na Saoirse
- 'Eachtraí a tharla in Éirinn san am atá caite'
- Conas mar a bhí an saol fadó fadó; Seanscoileanna na hÉireann
- Bailte agus cathracha meánaoiseacha (ba é Cill Chainnigh an sampla a tugadh)
- Tuaisceart Éireann, an Bhreatain
- An Dara Cogadh Domhanda
- Cúchulainn, Páistí Lir; Tír na nÓg; an Bradán Feasa; bean sí
- Naomh Caoimhín agus Gleann Dá Loch
- an Ré Thionsclaíoch agus truailliú
- Conas a rinneadh an teileafón; leictreachas a ghiniúint ó loch; Bolgán solais a cheapadh
- Rosa Parks
- Tom Crean

# Ceist 2: Céard a thaitníonn leat faoi stair?

Sa mhodheolaíocht don cheist seo 'Céard a thaitníonn leat faoin stair?' cuireadh na páistí in dhá ghrúpa. Scríobh siad a gcuid freagraí ar mhíreanna mearaí.




Tábla 4: Freagraí ar cheist 2


| | | | |
|---|---|---|---|
| 'Is maith liom foghlaim faoin am atá thart agus conas mar a mhair siad' | 'An Chéad Chogadh Domhanda mar go bhfuil spéis agam ann' | 'Ba mhaith liom an Famine' | 'Éirí Amach na hÉireann' *[soiléiríodh gur Éirí Amach 1798 a bhí i gceist]* |
| sna ranganna staire, is maith liom nuair a bhreathnaímid ar phictiúir agus nuair a léimid faoi rudaí éagsúla' | | 'Rud a thaitníonn liom le stair ná duine cáiliúil nuair a bhí siad cúpla bliain óige' | |
| 'Déithe na Gréige' | 'Na hÉigiptigh agus pirimidí' | 'An Bradán Feasa' | 'Na impirí difriúla' |
| 'Is maith liom foghlaim faoin Ollphléasc' | 'na cogaí domhanda' | 'na réabhlóidí móra' | 'rudaí a ceapadh' |
| 'miotais agus finscéalta' | 'scoileanna san am atá caite' | 'Fia Mór na hÉireann' | 'Balla Mór na Síne' |
| 'Thaitin sé liom nuair a d'fhoghlaimíomar faoin Athbheochan, agus rinneamar tionscadal' | | 'fir phluaise ag déanamh iarrachta fianna a mharú' | 'Is maith liom foghlaim faoi mhiotais agus finscéalta' |
| 'Is maith liom foghlaim ar daoine cáiliúla' | | 'an Oighearaois' | 'stair na healaíne' |
| 'Is maith liom foghlaim faoin am atá caite agus glacadh leis na heachtraí a tharla san am atá caite' | | 'Cogadh na Traí' | 'Is maith liom íomhánna as cré a dhéanamh' |
| 'Winston Churchill, Stailín, Hitler, Mussolini' | | Ceannairí 1916' *[luaigh an páiste ceathrar díobh]* | 'Vincent Van Gogh' |

## Ceist 3: Céard é nach dtaitníonn leat faoi stair?

Bhí na ráitis seo a leanas sna míreanna mearaí seo:

- ‘Cuid B sa leabhar ina bhfoghlaimímid an stair’; ‘Ní maith liom na ceisteanna go léir a scríobh síos’
- ‘Uaireanta ní thaitníonn sé liom a bheith ag scríobh ach is maith liom gach rud eile’
- ‘Foghlaim faoin tseanpholaitíocht’
- ‘foghlaim faoi rudaí atá ar eolas agam’; ‘Ní maith liom stair nuair a bhíonn cur amach agam uirthi cheana féin’
- ‘Cuid B (x3)’; ‘Ní maith liom Cuid B’; ‘Taitníonn an chuid is mó de liom seachas Cuid B agus an pholaitíocht’
- ‘Ní maith liom an slí a fuair alán daoine bás’
- ‘Is breá liom stair’ (x2); ‘Níl dada ann nach dtaitníonn liom faoin stair’ ‘Ní fuath liom dada faoin stair’. ‘Is breá liom gach rud faoin stair’ Scríobh ceathrar páistí nach raibh aon rud nach dtaitníonn leo.

Roinnt samplaí de thráchtanna na bpáistí maidir leis an méid nach dtaitníonn leo faoin stair:




Tráchtanna eile ó na páistí:

- ‘An t-aon rud nach dtaitníonn liom ná é seo – scríobh ar feadh tréimhse fhada’
- ‘A bheith ag suí síos agus ag obair ar pháipéar’
- ‘An rud céanna a fhoghlaim arís is arís eile’; ‘Ní maith liom an fhoghlaim athfhillteach’


- ‘Ní maith liom stair nua-aimseartha na hÉireann ach tá spéis agam i seanstair na hÉireann, cosúil leis na Ceiltigh’
- ‘Is breá liom a bheith ag foghlaim faoi shibhialtachtaí ársa’; ‘Ba mhaith liom níos mó a fhoghlaim faoi stair an domhain’
- ‘Ní maith liom foghlaim faoi pholaiteoirí’
- ‘[Ní maith liom] foghlaim faoi stair an-sean na hÉireann’
- ‘Is breá liom an stair agus gach a bhaineann léi’ [bhí pictiúr tarraingthe den Chuntaois Markievicz leis]
- ‘Is maith liom formhór na rudaí staire seachas an stair nua-aimseartha, mar shampla cruthú na gcarranna nua-aimseartha agus na bhfoirgneamh’
- ‘Cogadh agus coimhlint san am atá caite. Bíonn cogaí ag tarlú gach uile lá an aimsir seo agus is féidir linn é a fheiceáil thart timpeall orainn’

## Ceist 4: Stiallghreannán a tharraingt a léireodh ‘an ceacht staire is fearr riamh’

Sa mhodheolaíocht anseo, tugadh teimpléad stiallghreannáin do pháistí agus iarradh orthu ceacht staire a tharraingt, a léiríonn ‘an rang staire is fearr riamh’ ar an teimpléad. Tugadh teimpléad de bholgáin chainte dóibh chomh maith, le húsáid dá mbeadh fonn orthu carachtair atá ag caint a léiriú ina léaráidí. Áirítear an méid seo a leanas leis na topaicí a roghnú agus a tharraing na páistí:


- Táin Bó Cúailnge; Cuairt ar Chlochán an Aifir; Cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta; Dul chuig leabharlann chun taighde a dhéanamh le *Chromebooks*
- Foghlaim faoin gClochaois (x2); Foghlaim faoi Lochanna agus Aibhneacha; An Dara Cogadh Domhanda;
- Éirí Amach 1798; An Dara Cogadh Domhanda
- Micheál O Coileáin (3); An Gorta Mór (2);


**Fíor 4: Samplaí de stiallghreannáin na bpáistí chun a ‘gceachtanna staire is fearr riamh’ a léiriú**










## Mianta na bpáistí maidir leis an stair

Cosúil leis an gcomhairliúchán tíreolaíochta, cuireadh ceist ar na páistí ‘Dá dtabharfaí mian amháin duit chun rud amháin faoi rang staire a athrú, céard a dhéanfá?’ Scríobh na páistí a mianta/a moltaí síos mar fhreagra air sin ar phíosa cairtpháipéir bhuí agus chuir siad i gclúdaigh litreacha iad agus bailíodh ag deireadh na gníomhaíochta iad.

Fíor 5: Roinnt mianta don stair




**Tuilleadh ‘mianta staire’ na bpáistí:**

- ‘Dul chuig tíortha, chun stair na tíre sin a fhoghlaim’
- ‘Is í mo mhian don stair ná go bhfoghlaimímid stair an domhain uile agus ní stair na hÉireann amháin, agus go mbeadh ceachtanna níos spreagthacha, praiticiúla, le gníomhaíochtaí spraíúla chun cabhrú le páistí foghlaim. Chomh maith leis sin, d’fhéadfaimis turais bheaga stairiúla a dhéanamh inár gceantar agus níos mó amharcfhoghlama a dhéanamh’
- ‘Breathnú ar scannáin in áit a bheith ag scríobh’
- ‘Tuilleadh foghlama a dhéanamh ó leabhair, ní ó úrscéalta... agus b’fhéidir tuilleadh pictiúr leis na leabhair’
- ‘Faoi láthair, táimid ag foghlaim faoi rudaí sa stair a tharla 100-10,000 bliain ó shin, ach ba bhreá liom foghlaim faoi rudaí a tharla 2 mhilliún go 2 bhilliún bhliain ó shin. Tá níos mó spéise agam i luathstair an domhain ná aon topaic eile’.
- ‘B’fhéidir rudaí a scríobh inár gcóipleabhair agus iad a chuardach ar na *Chromebooks*’.
- ‘Ba bhreá liom dá mbeadh níos mó stuif ó na 1900idí ann, agus dá mbeadh níos mó ama againn do gach topaic, níos mó amharcoibre agus léitheoireachta’

- ‘dá ngabhfaimis chuig níos mó áiteanna mar shampla Portach Chorr Lóna mar a rinneamar . . nó níos mó a fhoghlaim ón teicneolaíocht’.
- ‘Níos mó rudaí idirghníomhacha’
- ‘Ba bhreá liom dá mbeadh an Chuntaois Markievicz cáiliúil’
- ‘Níos mó a dhéanamh faoi empire difriúla’
- ‘Ba bhreá liom foghlaim faoi conas mar a bhí mo mhuintir anseo romham, agus finscéalta a léiriú trí aisteoireacht’
- ‘tuilleadh staire domhanda a bheith againn’
- ‘níos mó amharcfhoghlama a dhéanamh seachas cloí leis an leabhar den chuid is mó’
- ‘Dá mbeadh fuaimrian ann faoin gceacht’
- ‘Níor mhaith liom aon rud a athrú’

## ‘Díospóireacht ghluaiste’ ar an dá abhar

Ar an lá píolótach staire, rinneadh díospóireacht ghluaisteach/siúil leis na páistí. Bhain an ghníomhaíocht seo leis an stair agus an tíreolaíocht araon, agus lorgaíodh dearcthaí na bpáistí maidir le roinnt ráiteas faoi na hábhair ina seomraí ranga. Iarradh ar na páistí seasamh i gceann de na trí shuíomh leis na lipéid AONTAÍM, NÍLIM CINNTE, nó EASAONTAÍM, mar fhreagra ar na ráitis seo a rinne an t-éascaitheoir. Leagtar na ráitis sin amach sa tábla seo a leanas, mar aon le freagraí ó bhéal na bpáistí, nuair a rinneadh amhlaidh.

Tábla 5: Freagraí na bpáistí sa díospóireacht ghluaisteach

| Ráitis an Éascaitheora | Freagraí na bpáistí |
|---|---|
| Is í an stair an t-ábhar is fearr liom<br>*(Níos mó aontaithe ná easaontaithe)* | ‘Is í an stair an t-ábhar is fearr liom’<br>‘[Is maith liom] foghlaim faoi rudaí ón am atá thart’<br>‘Mura mbeadh an stair ann, ní bheadh muid féin ann’<br>‘D’oibrigh mo mháthair in iarsmalann’ |
| Is í an tíreolaíocht an t-ábhar is fearr<br>*(Níos mó easaontaithe ná aontaithe)* | ‘Is breá liom foghlaim faoi rudaí sa tíreolaíocht’<br>‘Ní féidir liom cinneadh a dhéanamh idir an stair agus an tíreolaíocht’<br>‘[Déanaimid]’ an iomarca de Chuid B’ |
| Caithim níos mó ama ag foghlaim faoin stair ná faoin tíreolaíocht i mo rang<br>*(Ní raibh formhór na bpáistí cinnte)* | ‘Aontaím, ceapaim go ndéanaim é sin’ ‘Ceapaim go bhfuil siad cothrom’<br>‘Níl mé cinnte’ ‘Sílim go bhfuil siad mar an gcéanna’<br>‘Úsáidimid ár leabhair tíreolaíochta i bhfad níos minice’ |
| Socraíonn mo mhúinteoir cad a bheidh á fhoghlaim againn sna ranganna tíreolaíochta *(D’aontaigh gach duine)* | ‘Déanaimid tionscadail ón leabhar, mar sin socraíonn an múinteoir é’<br>‘Deir an múinteoir linn cén leathanach le hoscailt sa leabhar’<br>‘Bíonn ort gach rud a dhéanamh a deir an múinteoir, fiú má bhíonn sé ar eolas agat’ |

| | |
|---|---|
| Socraíonn na páistí cad a bheidh á fhoghlaim acu sa rang staire<br>*(D'easaontaigh gach duine)* | 'Ní shocraíonn, socraíonn an múinteoir é sin i gcónaí' |

## Plé ar thorthaí an chomhairliúcháin

Tugtarroinnt léirmhínithe san achoimre seo a leanas ar shonraí an scríbhneora tuairiscí atá bunaithe ar bhreathnuithe an scríbhneora tuairiscí ó na comhairliúcháin ar fhreastail sé orthu, agus anailís ar na sonraí.

Leagtar béim i g*Creatchuraclam na Bunscoile* go 'gcuireann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le tuiscint agus le forbairt na bpáistí ar na gnéithe stairiúla, tíreolaíocha agus sochaíocha agus próisis den saol, gnéithe agus próisis atá ceangailte le chéile'. Luaitear i gCuraclam na Bunscoile 1999 go bhfuil 'ról ar leith le himirt ag an stair agus ag an tíreolaíocht (chomh maith leis an eolaíocht, sa leagan sin den churaclam) chun 'a chur ar chumas an pháiste na timpeallachtaí nádúrtha, an duine, sóisialta agus cultúrtha ina bhfuil cónaí air/uirthi a iniúchadh agus a fhiosrú' (lch.2).

Thug na páistí sa tuarascáil seo neart sonraí maidir leis an méid a fhoghlaimíonn siad sa tíreolaíocht agus sa stair araon, ag tagairt do neart gnéithe 'na dtimpeallachtaí nádúrtha, an duine, sóisialta agus cultúrtha' ina bhfuil cónaí orthu. Cé gur reáchtáladh na seisiúin chomhairliúcháin maidir le gach ábhar ag am ar leith laistigh de lá amháin i ngach scoil, is léir go raibh go leor cosúlachtaí idir a n-eispéiris foghlama, agus na dearcthaí a chuir siad in iúl i leith an dá ábhar. Mar shampla, chruthaigh na páistí nasc go rialta idir na fíricí agus eachtraí tíreolaíochta agus staire, ag aithint na ngnéithe a thrasnaíonn a chéile agus atá mar an gcéanna sa dá ábhar, agus nuair a bhí siad ag labhairt faoi conas a fhoghlaimíonn siad sa dá ábhar, bhain a rogha do mhodheolaíochtaí na foghlama gníomhaí leis an dá cheann. Tugann cumas na bpáistí go leor topaicí thar an dá ábhar a chumasc le chéile, le fios go bhfuil buntáiste ag na múinteoirí agus iad ag pleanáil don chomhtháthú curaclaim, sa dá ábhar sin, ar a laghad.

Déantar taifead ar achoimre sa chuntas seo a leanas maidir le dearcthaí na bpáistí i leith na n-ábhar, ábhar amháin ag an am i dtosach, ach ag lua gnéithe foghlama atá le fáil sa dá cheann, go háirithe ó pheirspictíocht níos leithne an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil.

## Guthanna na bpáistí maidir leis an tíreolaíocht

Cuireadh tús leis an seisiún comhairliúcháin maidir leis an tíreolaíocht leis an gceist seo ar na páistí **'Céard atá á fhoghlaim agaibh sa tíreolaíocht?'** Tháinig réimse leathan topaicí agus spéiseanna chun cinn ó fhreagraí na bpáistí. Chuimsigh siad seo gnéithe na tíreolaíochta fisicí, mar shampla sléibhte, lochanna, aibhneacha agus portaigh, gnéithe de fhlóra agus d'fhána an domhain nádúrtha, lena n-áirítear reiptílí, ialtóga agus ainmhithe oíche, eolaíochtaí fisiceacha amhail fuinneamh, truailliú agus réimsí maighnéadacha, agus an tíreolaíocht pholaitiúil, is é sin staidéar na léarscáileanna, na gcruinneog agus na gcontaetha in Éirinn. Tháinig ceisteanna timpeallachta comhaimseartha chun cinn ó na freagraí chomh maith, mar shampla, éiceabhailte, grianphainéil, an bhithéagsúlacht, foraoisí na hAmasóine. Luadh tíreolaíocht agus cultúir na dtíortha eile go minic.

Agus iad ag teacht aníos le freagraí, bhí sé soiléir nach raibh roinnt páistí cinnte ag an tús céard is ionann topaic 'tíreolaíochta', agus rinne siad tagairt do thopaicí staire laistigh dá bhfreagraí tíreolaíocha. Rinne páiste amháin trácht spéisiúil, dúirt sé, 'Níl a fhios agam i ndáiríre céard is tíreolaíocht ann, tá a fhios agam céard is eolaíocht ann'. Go deimhin, ba ghné na gcomhairliúchán uile í an smaointeoireacht tras-ábhar seo, le teorainneacha disciplín an dá ábhar fite fuaite ina chéile agus doiléir go minic. É sin ráite, uaireanta sháraigh na páistí na teorainneacha sin d'aon ghnó, de bhun tola, agus rinne siad tagairtí follasacha do thopaicí a nasc an dá ábhar le chéile (ba shampla amháin é scéal de thurais thar farraige Christopher Columbus). Mar sin féin, de réir mar a chuaigh an comhairliúchán ar aghaidh, d'éirigh sainaithint na gceachtanna, a raibh baint ar leith acu leis an tíreolaíocht, níos dírithe, soiléire. Chuir na freagraí ó roinnt páistí maidir le ceachtanna ar leith, ceachtanna i gcuimhne do pháistí eile. Tá sé ábhartha chomh maith, go raibh formhór na bpáistí a ghlac páirt sna comhairliúcháin seo, ó Rang a Trí go Rang a Sé, ó scoileanna agus ó sheomraí ranga éagsúla, agus go raibh a n-eispéiris féin acu maidir le foghlaim na tíreolaíochta.

Cuireadh ceist níos dírithe ina dhiaidh sin **'Céard a thaitníonn leat faoin tíreolaíocht?** Tá sé suntasach gur luaigh na páistí, ina bhfreagraí spontáineacha, ábhar na gceachtanna tíreolaíochta, chomh maith leis na bealaí inar fhoghlaim siad. Agus ábhair á rá acu, is dóichí gur aithníodh i bhfreagraí na bpáistí, na topaicí agus na réimsí a raibh taithí acu féin orthu, ach go raibh tionchar ag a spéiseanna féin orthu chomh maith - luadh obair phearsanta ar thionscadail, agus luadh ainmhithe, cosúil leis an ulchabhán nó ialtóga. Chabhraigh na ceisteanna faoin tíreolaíocht aird a tharraingt ar fhiosracht na bpáistí maidir le rudaí, áiteanna agus daoine, sa bhaile agus thar lear. Chuir siad suim mhór sna difríochtaí idir na tíortha, go háirithe gnéithe cultúrtha na ndaoine difriúla. I gceann de na scoileanna, bhí béim láidir shoiléir ar an *bhFeasacht Chomhshaoil agus Cúraim* i rannpháirteachas na scoile sa chlár Scoileanna Glasa.

Maidir le *conas* a fhoghlaim siad an tíreolaíocht, léirigh formhór na bpáistí gur thaitin modheolaíochtaí gníomhacha, comhoibríocha go mór leo. Bhí go leor páistí i bhfabhar a bheith 'Ag obair ar thuarascálacha le cairde', chomh maith le plé, turais allamuigh agus amharcfhoghlaim a dhéanamh. Luaigh páistí gur ionann an 'amharcfhoghlaim' agus úsáid acmhainní ar líne, breathnú ar fhíseáin, cuir i láthair PowerPoint agus úsáid *Chromebooks*. Thaitin gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil le páistí chomh maith. Bhí roinnt páistí i bhfabhar a gcuid taighde féin a dhéanamh. É sin ráite, bhí na páistí sásta leis an bhfoghlaim thraidisiúnta, ag an deasc, agus thaitin sé le roinnt páistí 'leabhair tíreolaíochta a léamh', tarraingt ina gcóipleabhar', agus 'ceisteanna a fhreagairt' ina gceachtanna.

Nuair a cuireadh ceist ina dhiaidh sin, **'Céard nach dtaitníonn leat faoin tíreolaíocht?'**, bhí patrún cosúil leis na freagraí ar 'céard a thaitníonn leat' níos túisce, sa chaoi is gur luadh ábhar, chomh maith le gnéithe oideolaíochta. Arís, luadh topaicí ar leith – portaigh, carraigeacha, agus 'foghlaim faoi aibhneacha agus sléibhte' - toisc gur measadh iad a bheith 'leadránach'. Níor thaitin topaicí eile leo mar gheall go raibh siad míthaitneamhach ar bhealach éigin – damháin alla, 'mionainmhithe lofa', corp an duine. Luadh an athfhoghlaim agus easpa dúshláin ina gcuid foghlama, bhí roinnt páistí i gcoinne 'topaicí a bhfuil cur amach agam orthu cheana féin, 'dul siar air arís' agus 'ní maith liom é má bhíonn cur amach agam air cheana féin'.

Bhain formhór na bhfreagraí anseo le *conas* a d'fhoghlaim siad an tíreolaíocht. Níor thaitin an fhoghlaim ó théacsleabhair leo. Ba fhreagra coitianta é 'an iomarca scríbhneoireachta', agus is cinnte nár thaitin an 'scríobh inár gcóipleabhair' leo. Freisin 'Ní maith liom fíricí a chuardach má bhíonn ort scríobh'. Dúirt páiste amháin gurbh fhearr leis an plé ná an scríobh (Ní maith liom [bheith] ag scríobh, b'fhearr liom [bheith] ag caint). Ba dhearcadh eile é 'Ní maith liom an méid obair a dhéanann tú ar tionscnamh' Chomh maith leis sin, cuireadh in iúlnach dtaitníonnsé le roinnt díobh fíricí a fhoghlaim: "is féidir leis an bhfoghlaim faoi aibhneacha agus faoi shléibhte a bheith leadránach mar nach bhfoghlaimímid ach a n-ainmneacha agus cé chomh fada is atá siad." Dúirt roinnt páistí gurbh fhearr leo tascanna a dhéanamh a éilíonn úsáid na teicneolaíochta digití, amhail Chromebooks.

Iarradh ar na páistí sa chéad ghníomhaíocht eile **'an rang tíreolaíochta is fearr riamh'** a shamhlú. Léirigh na páistí ar an lá píolótach tíreolaíochta dhá cheacht, trí mheán 'na bpictiúr reoite'. I gceann acu, bhí siad ag déanamh staidéir ar bholcáin i rith cuairte ar shuíomh bolcánach. Sa cheann eile, bhí na páistí ag baint úsáid as bealaí éagsúla chun taighde a dhéanamh ar ainmhithe, ach iad uilig laistigh de sheomra ranga. Sa dara cás, bhí na páistí sásta go leor a gcuid taighde a dhéanamh, cé nach raibh páiste amháin – 'Ba bhreá linn dul in áit éigin agus rudaí a fheiceáil san fhíorshaol. Chuimhneofá níos fearr air i gcomparáid le breathnú air i leabhar, agus bhainfeá níos mó taitnimh as'. Ba é an modh é do na laethanta ina dhiaidh sin ná go léireodh na páistí a gcuid foghlama i ndrámaí gearra. I scoil amháin, bhí na páistí i mbun argóna leis an múinteoir sa dráma, ag maíomh gur chóir go mbeadh rogha acu maidir leis an topaic atá le foghlaim acu. Bhí dhá ghrúpa sa scoil dheireanach, ceann amháin ag eagrú turais chun na Fraince, agus an ceann eile ag eagrú turais go Cósta Ríce.

Is féidir roinnt conclúidí a dhéanamh ó bheith ag breathnú ar na léirithe seo agus tráchtanna na bpáistí a chloisteáil, go háirithe, na gnéithe agus tréithe a bheadh ag rogha ceachta na bpáistí: bheadh sé idirghníomhach, eispéireasach, bheadh gníomhaíochtaí praiticiúla mar chuid de agus iniúchadh gníomhach, ach ní bheadh 'scríobh ar bith' ann. Cheadódh sé do pháistí a gcuid céadfaí a úsáid, obair ghrúpa/comhoibriú a dhéanamh, agus deiseanna a chur ar fáil don obair allamuigh agus an seomra ranga a fhágáil.

Cuireadh deireadh leis an gcomhairliúchán tíreolaíochta le gníomhaíocht dheireanach amháin. Anseo, cuireadh ceist ar na páistí **mian amháin a bheadh acu dá gcuid foghlama sa tíreolaíoch**t a rá/a scríobh/a tharraingt. Léirigh agus d'athluaigh na freagraí anseo na dearcthaí agus na moltaí a rinne na páistí níos túisce sa chomhairliúchán. Dá bharr sin, leag siad formhór na béime ar conas ar mhian leo foghlaim: go mbeadh sé ina heispéireas níos idirghníomhaí; go bhféadfaí turais a dhéanamh lasmuigh den cheantar; go bhféadfaidís dul agus na rudaí a léann siad fúthu ina dtéacsleabhair a fheiceáil - 'na rudaí atá á bhfoghlaim agat a fheiceáil san fhíorshaol'; nach mbeadh an t-ábhar 'leadránach' , ach go mbeadh sé 'beagáinín níos spéisiúla'. Freisin, go n-úsáidfí níos mó

teicneolaíochta – níos mó físeanna , agus go mbeadh deis ann tuilleadh obair tionscadail a dhéanamh - 'Níos mó tionscnamh a dhéanamh'.

## Guthanna na bpáistí maidir leis an stair

Don chomhairliúchán staire, úsáideadh an tsraith ceisteanna agus gníomhaíochtaí céanna a úsáideadh don chomhairliúchán tíreolaíochta. Dá bharr sin, is í an chéad cheist a cuireadh ar na páistí ná **'Céard atá á fhoghlaim agat sa stair?'**

Is dócha gurb é Curaclam Bunscoile 1999 is cúis leis an réimse leathan topaicí a cuireadh le chéile ó fhreagraí na bpáistí, toisc go bhfuil solúbthacht ag baint leis a cheadaigh do mhúinteoirí topaicí a roghnú ó liosta fada. Luaigh na páistí breis is 40 topaic ceachta ar leith, agus luadh roinnt díobh níos mó ná uair amháin. Léirigh na topaicí éagsúla (atá liostáilte go mion níos luaithe i gcuid staire na tuarascála seo) raon na réimsí spéise atá ar fáil do pháistí agus dá múinteoirí. Bhí an bhéim ar cheisteanna agus ar thopaicí i stair na hÉireann, cosúil leo siúd sa Ré Réabhlóideach ó 1916 go 1923, ach bhí ábhair ó thréimhsí níos luaithe ar an liosta chomh maith. Luadh staidéir ar na Lochlannaigh agus na Normannaigh, chomh maith pearsantachtaí níos nua-aimseartha amhail Daniel O' Connell agus Tom Crean. Luaigh roinnt páistí An Gorta Mór. Ba thopaicí a bhfuil tóir orthu i measc na bpáistí iad miotais agus finscéalta na hÉireann, amhail Cú Chulainn agus Páistí Lir.

Luaigh roinnt daoine an Athbheochan, bhí roinnt páistí tar éis staidéar a dhéanamh ar chultúir níos luaithe, amhail cultúr na hÉigipte, Mhailí agus na Róimhe, agus níos faide amach, sibhialtacht na nAstacach. Tugadh faoi deara nach raibh mórán tráchta ar shibhialtachtaí neamh-Eorpacha atá le fáil ar liostaí staire Churaclam 1999, an tSín nó an tSeapáin, mar shampla, go háirithe do ranganna sinsearacha.
Bhí baint go minic ag na topaicí a luaigh na páistí anseo le topaicí na tíreolaíochta, ag fágáil teorainneacha na n-ábhar doiléir, díreach mar a tharla sa chomhairliúchán tíreolaíochta.

Ina dhiaidh sin, cuireadh ceist orthu céard **'a thaitníonn leat faoin stair'**, agus bhí go leor cosúlachtaí idir freagraí na bpáistí agus na topaicí a dúirt siad a raibh foghlamtha acu. Tagann go leor de na topaicí agus réimsí spéise chun cinn arís sna freagraí ar céard 'a thaitníonn' leo, le hachar cróineolaíochta ón ársa go dtí an nua-aimseartha. Luadh gnéithe de stair na hÉireann agus den stair idirnáisiúnta, ach luadh stair na hÉireann níos minice. Nascann spéiseanna na bpáistí an stair leis an tíreolaíocht, ealaín, eolaíocht agus miotaseolaíocht. Tá tagairtí ann do thionscadail, d'obair ealaíne, agus do chuir i láthair PowerPoint, ceann acu don déanamh samhaltán, agus ceann don drámaíocht, ach ní raibh mórán tagairtí ann do thurais allamuigh nó do chuairteanna ar iarsmalanna ná suíomhanna stairiúla.

Ba léir go raibh dearcadh dearfach ag na páistí i leith fhoghlaim na staire. Nuair a cuireadh an cheist orthu, **'Céard nach dtaitníonn leat faoin stair?'**, dúirt formhór na bpáistí nach raibh dada ann nach dtaitníonn leo fúithi. Ba fhreagraí coitianta iad, 'Is breá liom an stair' agus 'is breá liom gach rud faoin stair'. Bhain rud ar bith nach dtaitníonn leo faoin stair le modheolaíochtaí ranga, a raibh taithí acu orthu, go príomha, agus cáineadh an obair scríofa agus ceisteanna tuisceana go háirithe. Cuireadh dearcadh diúltach in iúl i leith na hoibre nach raibh mórán dúshláin ag baint léi, nó a raibh athdhéanamh i gceist léi. Maidir leis an ábhar, ba é an topaic ba mhó nár thaitin leo ná foghlaim faoi pholaiteoirí nó faoin bpolaitíocht.

Chun cur le héagsúlacht na ngníomhaíochtaí sa chomhairliúchán, tugadh faoi **ghníomhaíocht stiallghreannáin** sna seisiúin staire. Thug sé an deis do pháistí a gcoincheap den 'cheacht staire is fearr riamh' a léiriú. É sin ráite, léirigh roinnt páistí ceachtanna tíreolaíochta chomh maith. Cé gur cheachtanna sa seomra ranga iad na topaicí a roghnaíodh den chuid is mó, léirigh roinnt páistí turais lasmuigh den scoil - chuig an Leabharlann Náisiúnta, agus Clochán an Aifir, agus laistigh den scoil, chuig a leabharlann chun taighde a dhéanamh leis na *Chromebooks.* I measc na bpointí foghlama a léiríodh i bpictiúir na bpáistí, ba léir gur thaitin sé leo a bheith ag éisteacht le agus ag tabhairt freagra ar scéalta sa stair, thaitin sé leo breathnú ar chláir faisnéise chun feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar shaol na ndaoine san am atá thart, agus feabhsaíonn úsáid na n-uirlisí digiteacha eispéireas foghlama na bpáistí, bhí a *Chromebooks*, cuir i láthair PowerPoint agus aipeanna eile le feiceáil i léaráidí go leor páistí.

I gcuid dheireanach an chomhairliúcháin staire, cuireadh ceist ar na páistí **'mian amháin don stair'** a chur in iúl – rud amháin a d'athróidís faoina gcuid foghlama san ábhar. Cé gur luaigh roinnt páistí réimsí nó topaicí ar leith ar ábhair spéise dóibh iad, ar mhian leo staidéar a dhéanamh orthu, rinne formhór na bpáistí trácht ar na bealaí ina mbeadh fonn orthu foghlaim. Ag athrá go leor de na freagraí a tugadh níos túisce, bhí go leor i bhfách bealaí foghlama malartacha, in áit leabhar agus a bheith ag léamh agus ag scríobh sa seomra ranga; ba mhian leo tuilleadh 'amharcfhoghlama' (lena n-áirítear úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha); ba bhreá leo 'níos lú scríbhneoireachta', agus 'tuilleadh turas agus oibre allamuigh'. Bhí go leor de fhreagraí na bpáistí anseo suntasach mar gheall ar a ngné mheasta, mhachnamhach (féach an tuarascáil staire mhionsonraithe níos túisce). Chomh maith leis sin, chuir na páistí mianta in iúl chun a gcuid foghlama féin a stiúradh – trí thaisteal, taighde teicneolaíochta, agus léitheoireacht, chun tuilleadh a fhoghlaim agus a fháil amach faoin stair.

Tháinig roinnt pointí spéisiúla, nach gcuirfeadh ionadh ar dhuine ar bith, chun cinn ón **ngníomhaíocht 'díospóireacht ghluaisteach'** a rinneadh uair amháin, ar an lá píolótach staire. Bhí na páistí uilig ar aon intinn maidir leis an gcéad phointe, gur roghnaigh an múinteoir ábhar na gceachtanna sa stair agus sa tíreolaíocht araon, nach mór i gcónaí. Ag tabhairt a mbarúlacha air seo, dúirt na páistí arís gur mhaith leo rogha éigin a bheith acu maidir le cad a bheidh á fhoghlaim acu – bhí ábhar uathu a bhí spéisiúil, agus dúshlánach ag an am céanna. Cuireadh ceist orthu comparáid a dhéanamh idir an t-am a chaitear ar an dá ábhar, ach ní raibh siad ábalta é sin a dhéanamh, mar nach mbeadh dóthain eolais acu chun an chomparáid sin a dhéanamh le himeacht aimsire. Ní mór a lua, tríd is tríd, go raibh níos mó tóra ar an stair mar ábhar ná mar a bhí ar an tíreolaíocht, i measc na bpáistí i scoil amháin. Seans go bhfeileann scéalta agus drámaíocht na staire agus a pearsana níos mó le haois agus céim na bpáistí bunscoile.

## Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Léiríonn freagraí na bpáistí a ghlac páirt sna comhairliúcháin seo go bhfuil an-spéis acu sa tíreolaíocht agus sa stair agus go dtaitníonn go leor den fhoghlaim a dhéanann siad sna hábhair sin leo. Tá a bhfiosracht nádúrtha maidir le daoine, áiteanna agus eachtraí thart timpeall orthu agus níos faide ó bhaile le feiceáil go soiléir ón mbealach inar labhair siad faoi na hábhair seo in eachtraí agus gníomhaíochtaí an chomhairliúcháin. Thaitin scéalta leo, cé acu scéalta faoi charachtair na miotaseolaíochta i seanchas saibhir na hÉireann, eachtraí drámata de chuid Tom Crean, nó muintir Phoimpé nuair a phléasc an Veasúiv. Tá spéis acu i dtionchar an ama atá caite ar an am i láthair, staidéar a dhéanamh ar iarsmaí feiceálacha na n-impireachtaí ársa b'fhéidir, nó tuiscint a fháil ar aireagáin agus fionnachtana a chruthaigh ár saol mar atá.

Tá sé breá soiléir ó na comhairliúcháin seo go measann na páistí go bhféadfaidís a bheith ag foghlaim ar bhealaí níos éagsúla, taitneamhaí agus ar deireadh thiar, níos rathúla. Ina mbealach féin, chuir na páistí in iúl gur mhaith leo a bheith níos réamhghníomhaí ina gcuid foghlama, níos mó rogha a bheith acu maidir leis an ábhar, agus níos mó ceada a bheith acu tabhairt faoina gcuid spéiseanna féin; ba mhaith leo páirt ghníomhach, phraiticiúil a ghlacadh ann, ní 'leabhar a léamh' amháin. In aimsir na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag forbairt go sciobtha, feiceann siad agus is maith leo, go leor bealaí ina ndéanann na teicneolaíochtaí seo éascaíocht ar a gcuid foghlama, agus is dócha go ndéanfar amhlaidh ar bhealaí níos nuálaí fós, de réir mar a dhéanfaidh siad dul chun cinn ina dturais foghlama.

Cé go léiríonn na páistí go dtuigeann siad, gur féidir lena gcuid foghlama tarlú laistigh den seomra ranga nó in áiteanna lasmuigh den scoil, measann siad go bhfuil srianta ann, nuair a iarrtar orthu smaointe agus ábhair a fhoghlaim, a anailísiú, agus a thuiscint, nuair nach bhfuil aon taithí acu orthu seachas ó a bheith ag léamh fúthu.

Sna míonna amach romhainn, roinnfear an tuarascáil seo le Grúpa Forbartha an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil, le Bord na Luath-óige agus na Bunscoile, agus leis an gComhairle. Dá réir sin, beidh an tuairisc mar chuid den phlé leanúnach maidir le todhchaí churaclam na bunscoile. Roinnfear leagan den tuarascáil seo a oireann do pháistí leis na páistí a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo agus beidh cuid ann, a chuireann páistí ar an eolas maidir leis an tionchar a bheidh ag a dtuairimí i bpróisis forbartha CNCM.

# Tagairtí


An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile, le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ar fáil ag: curriculumonline.ie/getmedia/6598a2b8-0577-49a5-92ba-2508368d2fc8/2023-Primary-Framework-GA-screen-(1).pdf


An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021). *An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí.* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.


Rialtas na hÉireann (1999). *Stair: Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíoch - Curaclam.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.


## Aguisíní

Aguisín 1: Cairteacha líne na beatha ón tíreolaíocht – topaicí a foghlaimíodh, rudaí a thaitin agus nár thaitin leo









I LOVE ROCKS
human body
I like
I like writing reports because


Drawing
Discussion Topics
Like reading the geography book + answering Qs Myths + Legends
Like answering questions about Geography
Research on Chrome book
Google
videos
Topics I already know about
In Geogry we learn about different contries. and we learned about the banshe. and we learnd about bogs.
I Like it all but some times i dont like questions
I dont like to work with other People but somtimes I do.




Aguisín 2: **Samplaí de stiallghreannáin na bpáistí chun a 'gceachtanna staire is fearr riamh' a léiriú**





World war 1
Tractor/Jeep
1
It is a storyline of what would happen in WW1.
2
soul going to heaven.
3 Puts away gun,
4 drives away!
"if you look at images sometimes you can learn it quicker."



Learning about the catle raid of cooly
This is a cool history lesson
me
mia
I wonder what we are learning about
teacher
we are learning about the
The catle raid of cooly
Making a Picture
Nearly done



1
Hello class we are going to be mateing a time machine today come on lets go
2
were all in redy steady Go
Nuclear waste
3
pop
4
2 Hours Later
what did you learn about the piramids
everthing


The children were learning about the Pompeii eruption in History class...
Pompeii erup
1
The pompeii eruption was in 79 AD
2
How many people were there at the time?
3


OK class today we are going to do the BEST history class ever
Yeah
But sir we need to deside what to do eny idaes
how about we go to eyit
or south amica
mabe the nainol libery
nainol libery that's a great ida
wow look at all there books
and here the head of the libry ms whitny



1.
World war II in the class
2.
"today we're doing world war II in the class. So we'll have 2 teams and hide behind tables and throw bean bags at the other base"
YAY!
3.
Ok everyone grab the tables and make a base
Ok now flip the table
4.
5.
we win
6.


The History of Chocolate-chip Cookies
Alright!
Yes!
Yahoo!
Yeah!
Chalk board video
1
There once was a woman who wanted...
To make chocolate cookies.
2
The History of Chocolate-chip Cookies
The women thought that if she put chocolate chips in the cookies they would melt and make chocolate cookies.
3
The History of Chocolate-chip Cookies
But when the women took them out of the oven... the chocolate-chips were not melted. Then she tried them.
They were lovely! And that is how chocolate-chip cookies were made!
4


1.
Vikings
Chalk board.
Books + teacher giving facts
2.
Old Irish Schools
Not as cool a chair.
Futuristic floating Chair.
3.
celts
4.
Roman Emipre


wraw
my hand



IT was Quiet
OK
" powerpoint on the white board - fun "


1
Hello today we are watching a movie. I have popcorn!
yay
2
History
world war 1
3
The End
It's home time
4


I'm going to fight for Ireland!
Countess Markovicz Leaves Lissadell!
Bang!
Fire!
under ground
Countess.M.


We're learning!
1916 RISING
WAR OF INDEPENDENCE
CIVIL WAR
WORLD WAR II
Pro Treaty
Anti Treaty
Ireland
Ireland


Fi fi fo I smell Someone!
What was that
BANG!
THE END!!


This is My presentation on the celts
Google Slides Presentation On The Celts
The Celts were people who settled in Ireland.
They used a language called ogham
The End for the presentation
Dusty

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment